Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2026-2028

*Ag Oibriú le Chéile chun Baile Átha Cliath a Choinneáil Glan*

Beidh na nithe seo a leanas i gceist agus an plean nua á leagan amach:

1. **Comhairliúchán Inmheánach: Príomhpháirtithe Leasmhara**
    1.1. Príomhpháirtithe Leasmhara: Oibriúcháin Córas Bainistíocht Trádstórála. Oifigí Ceantair, Páirceanna, Werla (Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola), Oifig Bruscair, RMWPO, Forfheidhmiúchán Dramhaíola
    1.2. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean a bhí ann roimhe seo,
    1.3. Smaointe a leagan amach
2. **An Plean a Dhréachtú**:
    2.1. Taighde cúlra, sonraí, torthaí, fíneálacha, comhairliúchán inmheánach
    2.2. Athbhreithniú ar an bPlean reatha
    2.3. Dréacht-phlean agus athbhreithniú áitiúil
3. **Comhairliúchán Reachtúil**
    3.1. Dréacht-Phlean faofa ag CBS um Aeráid
    3.2. Comhairliúchán maidir le fógra sna meáin agus taispeántas a chuireann cuireadh do dhaoine aighneachtaí a chur isteach
    3.3. Torthaí an chomhairliúcháin, athbhreithnithe ag cruinniú speisialta den CBS
4. **An Plean a Athbhreithniú agus a Fhoilsiú**
    4.1. Athbhreithniú agus leasú bunaithe ar aighneachtaí
    4.2. Glacadh ag an gcomhairle iomlán


## Aitheantas

**Is mian le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aitheantas agus buíochas a thabhairt do na daoine, na heagraíochtaí, na baill thofa agus ár bhfoireann a chuir le hullmhúchán an Phlean Bainistíochta Bruscair seo le linn an phróisis chomhairliúcháin agus athbhreithnithe. Cuireadh réimse leathan tuairimí faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa tréimhse comhairliúcháin reachtúil a eagraíodh in 2020.**

# Ábhar

1. Réamhrá ..... 1
1.1 Ár gCathair ..... 2
1.2 An Plean a Ullmhú ..... 5
2. Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair deireanach ..... 6
2.1 Acmhainní ..... 6
2.2 Comhpháirtíocht ..... 9
2.3 Forfheidhmiú ..... 13
3. Spriocanna don Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 atá Beartaithe ..... 17
3.1 Feabhsúcháin Oibríochta agus Acmhainní ..... 18
3.2 Feasacht agus Cosc ar Bhruscar ..... 19
3.3 Forfheidhmiú agus Athrú Rialacháin ..... 19
4. Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm an Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 ..... 21
4.1 Plean Cur Chun Feidhme ..... 21
4.2 Príomhtháscairí Feidhmíochta ..... 25
4.3 Athbhreithniú agus Tuairisciú ..... 25

# 1. Réamhrá

Is plean reachtúil a ullmhaíodh de réir mar a leagtar amach in Alt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 é an Plean Bainistíochta Bruscair (PBB) don tréimhse 2026-2028. Bíonn comhairliúchán reachtúil ina ghné thábhachtach agus Plean Bainistíochta Bruscair á dhréachtú. Bíonn cainteanna ag Cruinnithe Choiste Ceantair, ag cruinnithe Choiste um Beartais Straitéiseacha agus aighneachtaí ón bpobal i gceist leis sin. Cuireann an próiseas comhairliúcháin reachtúil cúiseanna imní agus smaointe gnólachtaí, cónaitheoirí agus grúpaí pobail, agus daoine aonair in iúl don Údarás Áitiúil.

*Is é an príomhchuspóir atá ag an bPlean Bainistíochta Bruscair (PBB) seo ná eolas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí chun bruscar a chosc agus a rialú, agus spriocanna cuí a leagan amach don tréimhse trí bliana atá clúdaithe ag an PBB*

**SAINMHÍNIÚ AR BHRUSCAR: San Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, sainmhínítear bruscar mar 'ábhar nó rud, cibé an bhfuil sé ceaptha mar dhramhaíl nó nach bhfuil, is dócha a éireoidh gránna, díobhálach, samhnasach nó míshláintíoch nuair a chuirtear é in áit nach coimeádán bruscair nó áit eile atá sonraithe do bhruscar é, cibé an gcuirtear é ann ina aonar nó le hábhar nó rud eile den sórt céanna, agus beag beann ar mhéid ná toirt ná fairsinge an bhruscair sin'**

*FREAGRACHTAÍ Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireann an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 ceanglas ar gach údarás áitiúil bearta praiticiúla a chur i bhfeidhm chun cruthú bruscair a chosc ina limistéar feidhme. Tá freagracht ar údaráis áitiúla maidir le bruscar a bhailiú agus a chur de láimh, aird a tharraingt ar na héifeachtaí truaillitheacha a bhaineann le caitheamh bruscair agus daoine a spreagadh chun bheith páirteach chun éifeachtaí bruscair a chosc agus a shárú. Tá CCBÁC freagrach as na limistéir seo a leanas a choinneáil saor ó bhruscar a oiread agus is féidir go praiticiúil: Bóithre Poiblí, spásanna Glasa/Oscailte faoi úinéireacht CCBÁC, áiteanna súgartha arna mbainistiú ag an gcomhairle, srutháin a ritheann trí réadmhaoin na Comhairle.*

*Leasaíodh na Rialacháin um Dhramhaíl Bhia agus Bithdhramhaíl Tí 2015 in 2023. Is é an príomhathrú a tháinig leis sin ná go mbíonn ceanglas ar **gach** teach a chuid dramhaíola bia/dramhaíola orgánaí a scaradh óna chéile agus a bhainistiú anois. Tá na WERLAnna ag cur le riachtanais na mbailitheoirí dramhaíola le cinntiú go bhfuil an bosca dramhaíola bia curtha ar fáil acu dá gcustaiméirí go léir agus tá ceangal ar na hÚdaráis Áitiúla a chinntiú go mbíonn tithe ag comhlíonadh a n-oibleagáidí maidir le dramhaíl bia a scagadh mar a leagtar amach sna fodhlíthe. Baineann sé sin le hárasáin/forbraíochtaí ilaonadacha freisin, agus caithfidh údaráis áitiúla é sin a chur i bhfeidhm ar an láthair leis na cuideachtaí bainistíochta i gcomhréir le Fodhlí 2.9.*

- Cigireachtaí faoi na Fodhlíthe um Stóráil, Cur i Láthair agus Scaradh Dramhaíola Teaghlaigh agus Tráchtála chun comhlíontacht a chinntiú le riachtanais maidir le dramhaíl iarmharach, in-athchúrsáilte agus orgánach ag leibhéal an tí, lena n-áirítear i bhforbraíochtaí ilaonadacha agus in áitribh tráchtála i gcomhréir le riachtanais rialála
- Aird a tharraingt chun daoine agus gnólachtaí a spreagadh chun a gcuid dramhaíola athchúrsála agus orgánaí a scaradh
- I ngach plean forbartha do gach forbairt chónaithe agus tráchtála nua, caithfidh spás cuí a bheith ann chun bonneagar dramhaíola iarmharaí, athchúrsála agus orgánaí a sholáthar ann.
-

*FREAGRACHTAÍ GNÓLACHTAÍ AGUS AN PHOBAIL Cuireann An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 freagrachtaí dlíthiúla ar ghnólachtaí agus ar dhaoine den phobal bruscar a rialú. Faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, is cion é na nithe seo a leanas a dhéanamh: • Aon ábhar nó rud a chur in áit phoiblí nó in áit atá infheicthe ó áit phoiblí ar bhealach a chruthaíonn bruscar; • Aon rud atá ina dhramhaíl tráchtála, tí, tionsclaíochta nó cathrach a chur in aon áit lena bhailiú ag (nó thar ceann) údaráis áitiúla nó duine eile, nó aon rud a lódáil, a iompar, a dhílódáil, nó a láimhseáil ar bhealach eile, nó rud a phróiseáil nó gnó, ceird nó*

*gníomhaíocht a dhéanamh i gcúinsí a chruthaíonn bruscar nó a bhfuil bruscar mar thoradh orthu in aon áit phoiblí nó in aon áit atá infheicthe ar aon chaoi ó áit phoiblí; • Dramhaíl tí agus dramhaíl cathrach eile a chur isteach i, nó gar le, coimeádán bruscair; • Coimeádán bruscair atá curtha ar fáil ag údarás áitiúil a bhogadh nó cur isteach air mura bhfuil an bogadh nó cur isteach sin údaraithe ag an údarás áitiúil atá i gceist*

*Gineadóirí Bruscair*

- *Coisithe*
- *Tiománaithe*
- *Siopaí*
- *Tigh Tábhairne /Geallghlacadóirí*
- *Dramhaíl i málaí, curtha i láthair ag gnólachtaí nó ag tithe cónaithe*
- *Mórimeachtaí: bíonn gá le bearta rialaithe bruscair in agus thart ar an limistéar*
- *Stadanna Bus/ Stáisiúin traenach*
- *Bialanna Gasta/Mearbhia*
- *Scoileanna*
- *Bainc buidéal agus éadaí*
- *Réadmhaoin Phríobháideach/Láithreáin Tréigthe*
- *Láithreáin Stad/ suíomhanna campála oifigiúla*
- *Carrchlóis*
- *Lánaí*

## 1.1 Ár gCathair

Is cathair bhríomhar, nua-aimseartha í Baile Átha Cliath a bhfuil tábhacht ollmhór chultúrtha agus stairiúil ag baint léi. Tá an chathair mar chroílár geilleagrach na Tíre, agus tírdhreach geografach ilghnéitheach aici, lena n-áirítear cósta a théann ó Chluain Tarbh go Dumhach Thrá feadh Chuan Bhaile Átha Cliath. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Áitiúil is mó in Éirinn. Cuireann an Chomhairle réimse leathan agus ilghnéitheach seirbhísí ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath, a bhfuil daonra os cionn 590,000 aige (daonáireamh 2022), do ghnólachtaí agus do thurasóirí - meastar go dtugann 6.5m díobh cuairt ar Bhaile Átha Cliath gach bliain. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as forbairt shóisialta, eacnamaíoch, infreastruchtúir agus chultúrtha na cathrach.

Go príomha, is é an Roinn Bainistíochta Dramhaíola a bhíonn freagrach as bruscar a bhainistiú i gCathair Bhaile Átha Cliath. I measc a seirbhísí, tá: scuabadh agus glanadh sráideanna, bainistíocht bruscair, boscaí bruscair a chur ar fáil agus iad a fholmhú, sráideanna a ní, graifítí agus guma coganta a bhaint, áiseanna athchúrsála a chur ar fáil, rannpháirtíocht sa phobal, oideachas agus forfheidhmiú. *Bíonn freagracht ag baint le gnólachtaí, le cónaitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne freisin, atá ina bpríomhfhoinse bruscair. Cuireann an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 freagracht dhlíthiúil ar ghnólachtaí agus ar dhaoine den phobal a gcuid bruscair a rialú agus a bhainistiú.*

Tá iostaí á n-oibriú ag Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola i dtuaisceart agus i ndeisceart na cathrach agus 8 n-ionad “fág anseo” chun athchúrsáil pobail a éascú. Tá 80 suíomh banc buidéal agus teicstílí suite ar fud na cathrach agus cuireann 3 saoráid athchúrsála conláiste cathartha leis an líonra bonneagair athchúrsála. Déantar gníomhaíochtaí Glanta Sráide beagnach 365 lá sa bhliain agus ar bhonn nach mór 24 uair i lár na cathrach.

Baineann an Roinn Bainistíochta Dramhaíola thart ar 18,000 tonna de bhruscar agus de dhramhaíl glanta sráide gach bliain agus tá líonra 3,223 boscaí bruscair aici i láthair na huaire. Bailítear níos mó ná 2,200 tonna d’earraí

measctha tirime in-athchúrsáilte ag ionaid "fág anseo" gach bliain agus athshlánaítear níos mó ná 9,000 tonna de ghloine tríd an líonra banc buidéal, scartar dramhaíl ghlas lena múiríniú nuair is féidir freisin. Athshlánaítear 4,500 tonna breise d'athchúrsáil de shruthanna éagsúla dramhaíola trí na 3 saoráid athchúrsála Conláiste Cathartha freisin. Déanfar athbhreithniú iomlán ar bhonneagar athchúrsála agus ar fhorbairt straitéisí don todhchaí le linn tréimhse an phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028.

Tá go leor saoráidí breise athchúrsála cruthaithe laistigh de ghnólachtaí príobháideacha ag an Scéim Éarlaise agus Aisíoca, a tugadh isteach go náisiúnta ag an rialtas, chun buidéil phlaisteacha agus cannaí a athchúrsáil. Sa chéad bhliain, athchúrsáladh 960 milliún buidéal agus canna go díreach ar fud na tíre tríd an scéim. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú comhfhreagrach ar líon na n-ábhar céanna a cuireadh i mboscaí bruscair nó athchúrsála nó a caitheadh amach go poiblí ar bhealach a chruthaíonn bruscar. Cé nach bhfuil amhras ann maidir le rath na scéime, bhí roinnt iarmhairtí gan choinne aici: feiniméan measartha nua ina mbíonn daoine ag lorg buidéal agus cannaí i málaí dramhaíola agus i mboscaí bruscair ionas go mbeidh siad in ann airgead a fháil dóibh níos déanaí, rud a mhéadaíonn bruscar toisc go mbíonn na málaí dramhaíola stróicthe ag daoine.

Leagtar spriocanna na Roinne Bainistíochta Dramhaíola amach sa tábla thíos.

- Athbhreithniú leanúnach ar oibriúcháin glantacháin chun an úsáid is fearr de na hacmhainní a chinntiú.
- Torthaí suirbhé de chuid an Chórais Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar, go háirithe maidir le ceist na dumpála mídhleathaí.
- Cinntiú go gcuirtear seirbhís luach ar airgead ar fáil i ngach gné den athchúrsáil.
- Tosú ag cur an Plean Bainistíochta Bruscair 2026- 2028 i bhfeidhm.
- Fodhlíthe um Stóráil, Cur i Láthair agus Scaradh Dramhaíola Teaghlaigh agus Tráchtála a chur i bhfeidhm.
- Leanúint ar aghaidh ag cur trialacha ar chórais chliste i bhfeidhm agus ag cur le húsáid teicneolaíochta chun sráideanna a ghlanadh
- Athbhreithniú leanúnach ar oibriúcháin an fhlít.
- Úsáid GPS ar an bhflít chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis bealaigh.
- Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh a théann i ngleic le fadhb an tsalaithe ag madraí.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le Rannpháirtíocht sa phobal.
- Leanúint ar aghaidh ag forfheidhmiú na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar.
- Leanúint ar aghaidh ag forfheidhmiú na bhFodhlíthe um Bruscar a Chosc agus a Rialú.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt tograí agus á gcur chun cinn laistigh de Thionscnamh Frithdhumpála DEEC.
- Feachtais feasachta a fhorbairt chun dul i ngleic le fadhbanna ar leith a bhaineann le bruscar agus le hathchúrsáil/dramhaíl.
- Cur le húsáid scairdniteoirí chun sráidbhailte uirbeacha agus láithreacha tábhachtacha a ní.

## Bainistíocht Bruscair i bPáirceanna agus i Spásanna Oscailte Poiblí.

**Bainistíocht Bruscair i bPáirceanna agus i Spásanna Oscailte Poiblí.**

Cuireann Seirbhísí Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha seirbhísí bainistíochta bruscair tábhachtacha ar fáil do Pháirceanna, spásanna glasa agus tránna na Cathrach, chomh maith leis na ceantair timpeall orthu, freisin. In 2024, bhailigh Seirbhísí Páirceanna, agus fuair siad réidh le, 1,555.13 tonna d'fhuíollábhar. D'eascair an fuíollábhar sin as na hoibriúcháin agus gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Seirbhísiú a dhéanamh ar 292 bosca bruscair suite i bPáirceanna, chomh maith le sceidil cothabhála gach coicís inar bhailigh oibrithe díreacha agus seirbhísí conartha araon bruscar agus fuíollábhar i bpáirceanna, spásanna oscailte agus limistéir in aice le bóithre.
- Oíche Shamhna. Diúscairt ábhair roimh agus tar éis an imeachta
- Tháirg Páirc San Anna (32 bosca bruscair, 10 n-araid dlúthóra ina measc), Oileán an Bhulla agus Trá Chnocán Doirinne 396.38 tonna d'fhuíollábhar in 2024. Cuirtear san áireamh leis sin dramhaíl a d'eascair as diúscairt mhídhleathach ar an oileán. Déanann grúpa oibrithe deonacha darb ainm The Bull Island Action Group glantachán míosúil ar an oileán.

Coinnítear Trá Chnocán Doirinne ag caighdeán 'Bratach Ghorm', mar sin, trí **seachtaine roimh an séasúr snámha (a thosaíonn ar an 1 Meitheamh), rácáiltear an trá go meicniúil ó 6.00am ar aghaidh gach maidin, agus pioctar suas aon bhruscar freisin. Déantar an t-oibriúchán sin seacht lá na seachtaine le linn an tséasúir snámha go dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain.** Ní bhainimid úsáid as boscaí bruscair bairille ar Thrá Chnocán Doirinne a thuilleadh. Toisc gur anaclann dúlra é, meastar go gcuireann na boscaí bruscair sin isteach ar chuma na háite, agus toisc nach mbíonn clúdach ar na boscaí bruscair sin, is minic a scaiptear bruscar thart mar gheall ar ghaoth, gníomhaíocht éan agus taoidí. Cuireadh aonaid mhóra clúdaithe, a bhfuil 14 bhosca bruscair 200lítear iontu, ag cinn na trá ag Bóthar an Tóchair agus ag an Droichead Adhmaid chun bruscar a bhailiú agus a dhiúscairt.

Coinníonn Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola boscaí bruscair feadh na bpromanáidí cois cósta ag Dumhach Thrá agus Cluain Tarbh, agus bíonn siad ag oibriú in éineacht leis an tSeirbhís Páirceanna chun monatóireacht a dhéanamh ar na láithreacha is fearr le haghaidh boscaí bruscair poiblí ionas go mbeidh siad ag teacht le chéile le bealaí isteach chuig páirceanna agus spásanna oscailte nuair is féidir.

Baineann an tSeirbhís Páirceanna úsáid as araidí dlúthóra gréine, a bhfuil toilleadh acu atá cothrom le 4 bhosca bruscair gnáthmhéide, ina Páirceanna. Bíonn na haraidí sin suite i bpáirceanna Cathrach ina mbíonn líon suntasach daoine ag an deireadh seachtaine.

Déantar monatóireacht leanúnach ar ghearáin maidir le bruscar agus má thagann iarratais chun cinn ar bhoscaí bruscair breise i bpáirceanna, déantar breithniú ar gach iarratas bunaithe ar mheasúnú riachtanas áitiúil.

### *1.2 An Plean a Ullmhú*

Shocraigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tabhairt faoi ullmhúchán an Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 le cur chuige athchóirithe agus spriocdhírithe. Bhí próiseas ceithre chéime i gceist leis sin:

DRÉACHT

1. **Comhairliúchán Inmheánach**
   Reáchtáladh comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, baill foirne bainistíochta agus forfheidhmithe bruscair san áireamh, chun athbhreithniú a dhéanamh ar rath an phlean is déanaí agus smaointe faoin bplean nua a phlé agus a leagan amach, bunaithe ar a gcuid taithí ag obair sa líne thosaigh maidir le bainistíocht bruscair sa chathair.

2. **An Plean a Dhréachtú**
   Rinneadh taighde cúlra agus tugadh faoi athbhreithniú ar an gcomhairliúchán inmheánach chun an Plean Bainistíochta Bruscair nua a ullmhú.

   Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair is déanaí, chomh maith le measúnacht ar fheidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a bhí leagtha síos.

   Ansin, rinne Foireann Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus príomhpháirtithe leasmhara eile athbhreithniú ar an dréacht-phlean.

3. **Comhairliúchán Reachtúil**
   Caithfidh an Coiste um Beartas Straitéiseach Soghluaisteachta agus Réimse Phoiblí agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath glacadh leis an Dréacht-Phlean sula dtosóidh an chéim reachtúil den Chomhairliúchán Poiblí.

   Le linn an Chomhairliúcháin Phoiblí, foilseofar an Dréacht-phlean ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus fógrófar é i bhfeachtas sna meáin, lena n-áirítear fógraíocht sa phreas agus ar an raidió, a spreagfaidh daoine chun aighneachtaí a chur isteach.

   Déanfar athbhreithniú ar thorthaí an Chomhairliúcháin Reachtúil ag Cruinniú Speisialta den Choiste um Beartas Straitéiseach.

4. **An Plean a Athbhreithniú agus a Fhoilsiú**
   Déanfar athbhreithniú agus leasú ar an Dréacht-Phlean de réir na n-aighneachtaí a chuirtear isteach sula nglacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an bPlean. Foilseofar an Plean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 deiridh ina iomláine sa chéim dheiridh.

## 2. Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair deireanach

Sa phlean deireanach, leagadh amach na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní a bhí le cur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun bruscar a bhainistiú thar an tréimhse sin. Bhí trí phríomhphiléar agus 35 sprioc ag an bPlean Bainistíochta Bruscair a cuireadh i bhfeidhm in 2021:




Bhí an plean dírithe ar trí phríomhréimse; **Acmhainní**, **Comhpháirtíocht** agus **Forfheidhmiú**, agus spriocanna éagsúla ag gach ceann a bhí le seachadadh le linn an phlean. Leagtar amach thíos go hachomair na gníomhartha i ngach réimse le linn na tréimhse seachadta.

### *2.1 Acmhainní*

**Achoimre ar Acmhainní:**

- Tá ardán moil saoránach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm go hiomlán anois, agus oibríonn sé 24/7, 365 lá sa bhliain, ionas go mbeidh rochtain níos éasca ag an bpobal ar an gComhairle agus ar na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. In 2024, fuair an roinn bainistíochta dramhaíola, agus thug sí freagra ar, níos mó ná 33,000 iarratas seirbhíse.
- Tá thart ar 380 araid dlúthóra gréine i seirbhís ar fud shráideanna na cathrach. Tá tuairisciú cóid QR leathnaithe amach go hiomlán, agus is ar an mbealach sin a thuairiscítear formhór na bhfadhbanna a bhaineann le boscaí bruscair. Líon iomlán na mboscaí bruscair: thart ar 3223, figiúr a bhíonn ag dul i méid gach bliain. Athraíodh 60 bosca athchúrsála sráide (Cathair chiorclach) a bhí i bhfeidhm ina mboscaí athchúrsála caighdeánacha.

- Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an mbailiú ar leith le haghaidh duilleoga agus crainn Nollag
- Tá Sceideal Glantacháin ar Líne beo ó 2022 agus athbhreithniú leanúnach oibriúcháin ar siúl.
- Tá foirgneamh Iosta Oibriúcháin Thuaisceart na Cathrach críochnaithe agus ag feidhmiú go hiomlán.















### *Gníomhartha agus Spriocanna*

Leagadh amach sraith gníomhartha inbhraite agus réadúla maidir le **hAcmhainní** don Phlean Bainistíochta Bruscair deireanach. Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na spriocanna a leagadh amach sa phlean, agus cuirtear síos ar roinnt spriocanna agus a gcur i bhfeidhm thíos:

| | Spriocanna maidir le hAcmhainní sa Phlean Bainistíochta Bruscair deireanach | Stádas |
|---|---|---|
| 1 | Seirbhís glantacháin sráide ar éileamh a fhógairt agus a leathnú amach chun glanadh a éascú, ag comhoibriú le grúpaí cónaitheoirí chun carranna atá páirceáilte a bhaint | Scuab mo Shráid agus Sceideal Glantacháin ar Líne seolta, le hathbhreithniú leanúnach |
| 2 | Córas seirbhíse custaiméirí cóid QR a leathnú amach go gach Banc Buidéal agus Teicstíle de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Níor baineadh amach in 2023/4 é, gá le plé le hoibritheoirí agus feabhas a chur ar thoilleadh agus ar chothabháil<br><br>Clár Péinteála i bhfeidhm chun bainc a uasghrádú |
| 3 | Úsáid thrialach teicneolaíochta cinsire i mbainc Buidéal / Teicstíle | Rinneadh plé le soláthraí féideartha. Gan aon dul chun cinn de bharr easpa acmhainní.<br><br>Gá le monatóireacht leictreonach curtha san áireamh sa tairiscint |
| 4 | Clár leanúnach athsholáthair agus uasghrádaithe na mboscaí bruscair | Méadú Gach Bliain, líon iomlán na mboscaí bruscair: 3223; athchóiriú agus athsholáthar suntasach déanta in 2023. Is dlúthóirí gréine iad 380 acu. Feabhas ar an toilleadh, agus an Scéim Éarlaise agus Aisíoca ag feidhmiú go hiomlán anois |
| 5 | Triail a bhaint as úsáid boscaí bruscar scartha do dhramhaíl agus d'athchúrsáil ag spásanna poiblí áirithe. | Athrófar 60 bosca canna agus buidéal de chuid na scéime Circlecity ina mboscaí caighdeánacha athchúrsála ag tús 2024. Dul chun cinn ar athbhreithniú ar thruailliú agus ar an scóip don todhchaí. |
| 6 | Clár múirínithe a thabhairt isteach chun iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal gach duilleog a bhailítear a aistriú ina múirín.<br><br>Múirín le cur ar fáil don phobal ag ionaid 'fág anseo' nuair is féidir. | Déantar bailiú ar leith le haghaidh duilleoga agus crainn Nollag araon. Múirín ar fáil ag Ionad Fág Anseo Ráth Maonais |
| 7 | Acmhainn ar líne a chur ar bun agus a bhainistiú chun faisnéis a chur ar fáil maidir le sceidil ghlantacháin sráide | Tá an tseirbhís beo ó 2022 |

| | | |
|---|---|---|
| 8 | Leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil chun graifítí agus guma coganta a bhaint | Foireann inmheánach graifítí ag oibriú go maith agus i gcomhpháirt le conraitheoirí i gcás seirbhísí speisialaithe |
| 9 | Féachaint le ceanglas a chur sa Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath go mbíonn spás cuí ag gach forbraíocht chónaithe agus tráchtála chun bonneagar athchúrsála a sholáthar ann | Foráil curtha san áireamh sa Dhréacht-Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath |
| 10 | Comhairliúchán poiblí a eagrú chun láithreacha eile a aithint do bhonneagar athchúrsála sa chathair | Curtha i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023 trí Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghuth - breis agus 1,000 aighneacht curtha isteach. Thacaigh bonneagar athchúrsála le 20,000 tonna ábhair a athchúrsáil in 2023 |
| 11 | Leanúint ar aghaidh ag soláthar agus ag feabhsú Sonraí Oscailte maidir le seirbhísí bainistíochta dramhaíola | Obair leanúnach i gcomhar le Cathracha Cliste, Dlúthóirí gréine agus anailísíocht sonraí |

## *2.2 Comhpháirtíocht*

**Léargas Ginearálta ar an gComhpháirtíocht**

- Leanann Bainistíocht Dramhaíola ar aghaidh ag obair go dlúth le pobail áitiúla, grúpaí cónaitheoirí agus Oifigí Ceantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla timpeallachta. Tacaítear go rialta le glantacháin pobail ar fud na cathrach. Thug muid tacaíocht do 4,316 glantachán pobail in 2024.
- Tacaítear leis an gComórtas Comharsanachtaí Bhaile Átha Cliath agus cuirtear chun cinn é chun luach a thabhairt do phobail ghníomhacha as a n-éacht ar son a bpobail agus a gceantar. Cuireadh 300 iontráil isteach in 2023, agus an 20ú Bliain de na Gradaim á cheiliúradh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2024.
- D'óstáil agus d'eagraigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Gradaim Mhórtas Cine is Ceantair in 2023, agus in 2024 cuireadh ceithre ghrúpa isteach a bhain dhá dhuais buaiteora amach.
- Táthar fós ag tacú le tionscnamh na Scoileanna Glasa agus le Picker Pals.







### *Gníomhartha agus Spriocanna*

Déantar achoimre thíos ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos do **Chomhphháirtíocht** sa Phlean Bainistíochta Bruscair deireanach.

| | Sprioc ón bPlean Bainistíochta Bruscair deireanach | Stádas |
|---|---|---|
| 12 | 'Plean cumarsáide' a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Cruinniú míosúil cumarsáide a chur ar bun, tacaíocht phreasa agus comhoibriú inmheánach: Oíche Shamhna, Titim na nDuilleog, Glantacháin Pobail, Glantacháin Chorparáideacha, úsáid an deontais ALAGS (Scéim Frithghraifítí-Frithbhruscair), Ná Fág Lorg |
| 13 | Féachaint le plé maidir le ceisteanna timpeallachta a chothú leis an bpobal | Comhairliúchán Bonneagair Athchúrsála 2023. Idirghníomhaíocht ar na meáin shóisialta |
| 14 | Iniúchadh a dhéanamh ar thriail ar scéimeanna luaíochta dreasaithe do thionscnaimh athchúrsála / frithbhruscair | Úsáidtear an deontas roinne Frithbhruscair-Frithghraifítí chun scéimeanna feasachta agus oideachais a mhaoiniú. Chuir deontais ó Thionscnaimh Frithdhumpála 9 dtionscadal i gcrích ar fud na gceantar in 2024. Tacóidh an Scéim Náisiúnta Éarlaise agus Aisíoca le hathrú féideartha ar fud na tíre maidir le nósanna bruscair. Bhí feasacht luath maidir le Scéim Éarlaise agus Aisíoca mar chuid den scéim Circlecity i gcomhar le Voice Ireland |

DRAFT

| | | |
|---|---|---|
| 15 | Cur le cumarsáid inmheánach idir na ranna | Comhoibriú ar fud na ranna agus na bpáirtithe leasmhara, Forfheidhmiú, Athshlánú na Cathrach, Oifigí Ceantair, Bóithre, Oíche Shamhna ina gceisteanna tábhachtacha do na páirtithe leasmhara ar fad |
| 16 | Tairseach nó sraith leathanaigh gréasáin a chruthú ar shuíomh gréasáin na Comhairle, le sonraí láraithe faoi bhainistíocht bruscair - staitisticí suas chun dáta, mapáil agus faisnéis faoi chaitheamh bruscair ina measc | Tá Sceideal Glantacháin ar Líne nua beo<br><br>Cuimseofar gach iarratas seirbhíse mar chuid de thuairisciú an Mhoil Saoránach agus tabharfar scóip ann do chomhroinnt sonraí sa todhchaí, chomh maith le gearáin agus iarratais seirbhíse |
| 17 | Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag leathnú amach Tionscnamh na Scoileanna Glasa chuig Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna | Dhírigh an clár ar oideachas fadtéarma, agus ghlac sé dhá bhliain chun gach ceann de na naoi mbratach a bhaint amach. I gcaitheamh na scoilbhliana 2022-2023, fuair 56 scoil bratacha nua.<br><br>Is í an chéad bhratach a bhíonn le baint amach ag scoil ná bruscar agus dramhaíl. Sa scoilbhliain 2022-2023, fuair 7 scoil bratach Bruscair agus Dramhaíola. |
| 18 | Leanúint ar aghaidh ag cur le rath Lá Glantacháin Pobail | Rannpháirtíocht láidir agus pleananna daingne, plé leis na meáin agus seoladh. In 2023, bailíodh thart ar 1,000 mála bruscair agus bhí 80 grúpa páirteach. In 2024, ghlac 110 grúpa páirt san imeacht. |
| 19 | Caidreamh a fhorbairt le bunscoileanna agus meánscoileanna maidir le hoideachas bruscair, lena n-áirítear Pacáistí Oideachais Bruscair nua a thabhairt do scoileanna | Ghlac 273 seomra ranga ó 143 scoil i gCathair Bhaile Átha Cliath páirt ó 2019. Bhí 131 seomra ranga páirteach in 2022-2023.<br><br>Sholáthair Bainistíocht Dramhaíola an clár oideachais don Rubbish Film Festival don bhliain acadúil 2022/23. Rinne gach scoil físeán faoi cheist timpeallachta áirithe. Is é an Deontas Frithbhruscair-Frithghraifítí a mhaoinigh an clár. Baineadh triail as an gclár i gcúig mheánscoil déag laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| 20 | Glantacháin Pobail a éascú le Cumainn Cónaitheoirí agus grúpaí pobail. | Tacaítear le breis agus 4,500 Glantachán Pobail gach bliain, agus tugadh málaí trédhearcacha pobail isteach freisin. |
| 21 | Feachtas feasachta a chur ar bun chun daoine a spreagadh chun níos lú plaistigh aon úsáide a úsáid. | Cruthaíodh feachtais feasachta le haghaidh na meán sóisialta in 2022 chun aird a tharraingt ar an tSeachtain Eorpach faoi choinne Laghdú Dramhaíola. Bhí an feachtas dírithe ar roghanna maidir le laghdú agus athúsáid i mBaile Átha Cliath. Reáchtáladh seimineáir ghréasáin saor in aisce 'Nollaig chomhfhiosach' i gcomhpháirt leis an Sustainable Life School. Ritheadh feachtas Nollag maidir le cur amú bia le linn mhí na Nollag.<br><br>2023 – sholáthair Bainistíocht Dramhaíola éascaitheoir chun ceardlanna a reáchtáil faoin ngeilleagar ciorclach i meánscoileanna laistigh de CCBÁC in 2023/24. Thacaigh CCBÁC le himeacht idirnáisiúnta Circular Economy Hotspot 2023. Feachtas Náisiúnta |

| | | |
|---|---|---|
| 22 | | um Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann. Seoladh Re-turn an 1 Feabhra 2024. Ón dáta sin ar aghaidh, gach uair a thugann daoine buidéil agus cannaí neamhdhamáistithe a bhfuil an lógó Re-turn orthu ar ais, bíonn siad ag cabhrú chun táirgí aon úsáide agus bruscar a laghdú, agus chun rátaí athchúrsála a mhéadú. |
| 22 | Tionscnamh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc gnólachtaí áitiúla chun earraí inbhuanaithe a úsáid in áit plaisteach aon úsáide. | Reáchtáil an Oifig Fiontair Áitiúil agus Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre clár oiliúna MODOS maidir leis an ngeilleagar ciorclach d'fhiontair an-bheaga, bheaga agus mheánmhéide laistigh den phlean. Bhí MODOS fós á leathnú amach in 2023/24. Tugann an clár oiliúna geilleagair chiorclaigh sin ón Oifig Réigiúnach Pleanála Dramhaíola le Forbairt Eacnamaíoch eolas do ghnólachtaí ionas go mbeidh siad in ann straitéisí éifeachtacha inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. |
| 23 | Deireadh a chur le plaistigh aon úsáide de réir a chéile ag gach oifig agus saoráid de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. | Baineadh triail as scéim éarlaise agus aisíoca cupán sna hoifigí cathartha in 2018 chun réiteach éifeachtach a chruthú ar fhadhb na gcupán aon úsáide. Tá an Scéim Éarlaise agus Aisíoca beo anois |
| 24 | Straitéis shoiléir a fhorbairt a chuireann in iúl don phobal gur féidir salachar madra atá curtha i mála a chur in aon bhosca bruscair | Cuireadh póstaeir ar bhoscaí bruscair i gceantair a measadh go raibh siad i measc na n-áiteanna is measa ó thaobh salachair madra de in 2021. 2022 Comórtas póstaer. Cur chuige comhcheangailte leis na Gardaí agus forfheidhmiú na maor ar bhonn trialach. Rinneadh Staidéar Iompraíochta i gcomhar le Ná Fág Lorg freisin. Tacaíocht do chomharthaíocht bhreise sna ceantair a tuairiscíodh. |
| 25 | Leanúint ar aghaidh ag rith feachtas fógraíochta maidir le bruscar, salú ag madraí agus dumpáil mhídhleathach. | Ritheadh feachtais maidir le salachar madra le linn tréimhse an phlean. Chuaigh CCBÁC leis an bhfeachtas Bí Bródúil as an Áit Seo, Ná Fág Lorg in 2021. Leanann CCBÁC ar aghaidh ag cur comharthaíocht ar fud na cathrach le cur in iúl d'úinéirí madraí agus do shiúlóirí madraí go mbíonn orthu salachar madra a chur i mála agus ansin sa bhosca bruscair<br><br>Feachtas um Bainc Buidéal/Éadaí Q1 2022<br><br>Bí bródúil as an áit seo 2022/3/4 |
| 26 | Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun uiscebhealaí a ghlanadh laistigh de dhlínse na cathrach. | Bíonn CCBÁC ag comhoibriú le páirtithe leasmhara chun uiscebhealaí a ghlanadh laistigh de dhlínse na cathrach, ag soláthar trealaimh agus málaí bailithe tar éis na nglantachán. |
| 27 | Comhoibriú le gnólachtaí thart ar cheantar na ndugaí chun bruscar a bhaintear as an Life a bhailiú. | Tionscadal um bruscar mara, cómhaoinithe ag Ceantar na nDugaí. Leanann Glantachán Pobail Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ag tacú le heagraíochtaí agus le grúpaí uisce, chomh maith leis an oifig ceantair agus le tacaíocht cheantar na dugaí. |

## 2.3 Forfheidhmiú

**Léargas Ginearálta ar Fhorfheidhmiú**

- Cuireadh úsáid CCTV in ionaid phobail 'fág anseo' agus i gceantair ina bhfuil dumpáil mhídhleathach coitianta ar neamhní go dtí go mbeidh reachtaíocht coimisiúnaithe agus conradh nua do sholáthraí seirbhíse curtha i bhfeidhm.
- Bhí feachtais comhlíontachta doras go doras i bhfeidhm le Forfheidhmiú bruscair agus Oifigí Ceantair sna ceantair is mó údair bhuartha, le 1,659 comhfhreagras.
- Bhí patróil salachar madra agus iniúchadh ar dhumpáil mhídhleathach ar siúl i rith an phlean freisin.
- Maoir Bhruscair Oíche nua le ceapadh in 2025.








### *Gníomhartha agus Spriocanna*

Rinneadh monatóireacht ar na spriocanna éagsúla a leagadh síos d'**Fhorfheidhmiú** sa Phlean Bainistíochta Bruscair deireanach trí shraith gníomhartha inbhraite, agus cuirtear síos ar a bhfuil bainte amach thíos:

| | Cuspóir | Stádas |
|---|---|---|
| 28 | Acmhainní a dhíriú ar cheantair ina mbíonn méid mór bruscair. | Eisíodh 1,197 fíneáil mar gheall ar thruailliú ó bhruscar in 2023, agus eisíodh 397 fíneáil ó fhodhlíthe (in 2024: 394 agus 105 ó fhodhlíthe) |
| 29 | Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe dlí, an Garda Síochána ach go háirithe. | D'oibríomar i gcomhar leis an nGarda Síochána Oíche Shamhna, le forfheidhmiú dramhaíola agus le ranna inmheánacha chun méid na n-ábhar tinte cnámh a bhí ar fáil a laghdú. |

| | | |
|---|---|---|
| 30 | Leanúint ar aghaidh le Gníomhaíochtaí Freagartha Oíche Shamhna, a raibh an-rath leo go dtí seo. | I bhfeidhm agus ag feabhsú gach bliain, toradh dearfach: laghdaíodh líon na dtinte cnámh |
| 31 | Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as faireachas CCTV agus comharthaíocht a ghabhann leis. | Cuireadh úsáid CCTV in ionaid phobail 'fág anseo' agus i gceantair ina bhfuil dumpáil mhídhleathach coitianta ar neamhní go dtí go mbeidh reachtaíocht coimisiúnaithe agus conradh nua do sholáthraí seirbhíse curtha i bhfeidhm. |
| 32 | Iniúchadh a dhéanamh ar thithe nach mbíonn á seirbhísiú ag soláthraí cláraithe dramhaíola | Tar éis COVID, cuireadh suirbhéanna agus oibleagáid comhlíontachta soláthraí dramhaíola a bheith ag daoine i bhfeidhm, a bhíonn gníomhach trí mhaoir agus oifigí ceantair agus a thuairiscítear trí bhunachar sonraí cigireachta náisiúnta. |
| 33 | Seirbhís Maoir Bruscair a Atheagrú go hIomlán | Bainisteoir Maoir Bruscair i bhfeidhm agus maoir oíche do lár na cathrach in 2024. Bíonn na Maoir go léir freagrach do Sheirbhísí Bainistíochta Dramhaíola anois. |
| 34 | Straitéis a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a phléann le tionóntaí iláitithe chun comhlíontacht le dlíthe dramhaíola agus bruscair a chinntiú. | Pleanáil le straitéis forfheidhmithe bruscair agus forfheidhmithe dramhaíola agus bheith páirteach iontu. |
| 35 | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Fodhlíthe um Bruscar a Chosc agus a Rialú. | Athbhreithniú déanta ag an Oifig Bruscair in 2022, níl aon athrú náisiúnta beartaithe |

DRAFT

**Príomhtháscairí Feidhmíochta don tréimhse ina cuireadh an Plean Bainistíochta Bruscair deireanach i bhfeidhm:**

Déanann an Plean Bainistíochta Bruscair seo tagairt do Phríomhtháscairí Feidhmíochta le húsáid i rith an phlean. Ina measc, tá sonraí bliantúla maidir le forfheidhmiú, agus feidhmíocht i suirbhéanna náisiúnta.

- Breis agus 5,000 patról bruscair déanta in 2024
- Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

| Aicme | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Gan Truailliú ó Bhruscar** | 22.4% | 17.7% | 10.8% | 13.3% |
| **Beagán Truaillithe ag Bruscar** | 51.6% | 46.9% | 56.2% | 57.4% |
| **Measartha Truaillithe ag Bruscar** | 19.6% | 27.1% | 26.7% | 23.5% |
| **An-Truaillithe ag Bruscar** | 5.5% | 7.5% | 5.7% | 5.8% |
| **Thar a Bheith Truaillithe ag Bruscar** | 0.9% | 0.8% | 0.7% | 0.0% |




Fíor 2-1 Comhdhéanamh an Truaillithe ó Bhruscar i gCathair Bhaile Átha Cliath in 2023




| | Bruscar a Bhaineann le Toitíní | Earraí Pacáistíochta | Bruscar a Bhaineann le Bia | Bruscar a Bhaineann le Milseáin | Earraí Páipéir | Eile | Bruscar Díobhálach | Bruscar a Bhaineann le Vápáil | Earraí Plaisteacha (seachas pacáistíocht) | Earraí Móra Bruscair | Bruscar Rubair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Torthaí Náisiúnta LQS | 45.6% | 19.9% | 9.9% | 8.3% | 6.1% | 5.5% | 2.5% | 1.1% | 0.6% | 0.4% | 0.1% |
| Comhiomlán: Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath | 48.5% | 20.8% | 3.7% | 9.1% | 7.2% | 6.9% | 1.7% | 1.0% | 0.7% | 0.4% | 0.1% |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 66.5% | 9.1% | 4.3% | 9.6% | 4.9% | 4.7% | 0.7% | 0.0% | 0.0% | 0.2% | 0.0% |

Fíor 2-3 Comparáid ar Chomhdhéanamh Bruscair i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Torthaí Comhiomlána d'Údaráis Áitiúla / do Chomhairlí Bhaile Átha Cliath agus Toradh Náisiúnta




Fíor 3-1 Torthaí an tSuirbhé Truaillithe Bruscair do Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2023

- Aicmiú Sráide: 757 suirbhé curtha i gcrích in 2023, athbhreithniú agus leasú le tosú i Q2 2024??

| | Aicme A | Aicme B | Aicme C | Aicme D |
|---|---|---|---|---|
| Rátáil 2023 | 70% | 20% | 10% | 0 |

| **Fíneálacha a Eisíodh** | **2019** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fíneálacha Bruscair | 820 | 763 | 914 | 806 | 1197 | 394 |
| Fíneálacha ó Fhodhlíthe | 111 | 253 | 143 | 132 | 397 | 105 |
| Iomlán | 931 | 1016 | 1057 | 938 | 1594 | 499 |

## 3. Spriocanna don Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 atá Beartaithe




Ullmhaíodh an Plean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 i gcomhréir le ceanglais an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 go 2009. Forbraíodh an Plean i gcomhar le foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le baill thofa agus le muintir Bhaile Átha Cliath, a chónaíonn agus a oibríonn sa chathair, le linn an phróisis chomhairliúcháin reachtúil ar fad.

Tá an plean bunaithe ar thrí philéar bainistíochta bruscair sa Chathair: Feabhsúcháin Oibríochta, Forfheidhmiú agus Athrú Rialachán agus Feasacht agus Cosc Bruscair. Is féidir bainistíocht éifeachtach bruscair a bhaint amach nuair a bhainimid an úsáid is fearr as acmhainní daonna, scileanna agus eolas ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, in éineacht le feabhsúchán ar sholáthar seirbhíse - ag oibriú leis an bpobal, le cónaitheoirí agus le gnólachtaí i mBaile Átha Cliath agus ag déanamh gníomhartha forfheidhmiúcháin i gcoinne na ndaoine siúd nach mbíonn meas acu ar ár dtimpeallacht chomhroinnte agus a bhíonn ag dumpáil fuíollábhar go mídhleathach, nach nglanann suas salachar a bpeataí, agus a chaitheann bruscar eile sa chathair.

Leagtar amach na spriocanna agus na gníomhartha chun bruscar a bhainistiú agus a chosc i ngach príomhcheantar. Beifear ag tabhairt faoi na spriocanna agus gníomhartha sin i rith an Phlean Bainistíochta Bruscar seo.

Is é an príomhchuspóir ná caighdeán agus comhsheasmhacht na glaineachta a fheabhsú ar fud na cathrach le haghaidh cónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí le linn an phlean. Leanfar ar aghaidh le tionscnaimh, tionscadail agus gníomhaíochtaí oibríochta a cuireadh i bhfeidhm agus ar éirigh leo le linn pleananna bainistíochta bruscair eile, agus féachfar le feabhas a chur ar gach gné de sholáthar seirbhíse.

**Beidh an Plean 2026-2028 bunaithe ar 3 Philéar le 2 phríomhsprioc in aghaidh an philéir, agus aidhmeanna tábhachtacha do gach sprioc atá le baint amach.**

### 3.1 Feabhsúcháin Oibríochta agus Acmhainní

Le blianta beaga anuas, tá roinnt teicneolaíochtaí nuálacha curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun cur le héifeachtúlacht bainistíochta bruscair agus glantacháin sráide. Tá sé beartaithe ag an gComhairle an nuálaíocht sin a chur le chéile go héifeachtach le hacmhainní atá ann faoi láthair agus le hacmhainní nua chun coinneáil suas leis an gcathair, a bhíonn ag síorathrú.

Tá limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roinnte ina shé cheantar níos lú ag Bainistíocht Dramhaíola anois d'fhonn an soláthar seirbhíse a fheabhsú. Beidh clár níocháin seachtainiúil nua ag lár na cathrach, a dhíreoidh ar na príomhcheantair atá le seirbhísiú, trí chomhcheangal idir feithiclí níocháin Multihog a bhfuil scuab sciúrtha acu chun smáil a bhaint ar bhealach an-éifeachtúil i láithreacha leathana coisithe, agus flít de veaineanna níocháin a chuirfidh seirbhís níocháin sráide rialta agus láidir ar fáil do chosáin eile sa cheantar tráchtála. Tiocfaidh méadú ar líon na sráideanna a nitear i lár na cathrach i míonna an tsamhraidh toisc go mbeidh sealanna oibre agus acmhainní breise i gceist leis an tréimhse chriticiúil sin.

Gheobhaidh ceantair lasmuigh de lár na cathrach seirbhís níocháin sráide ó Luan go hAoine a dhíreoidh ar áiteanna a bhíonn an-ghnóthach, ar láithreacha tráchtála agus ar láithreacha eile a bhfuil seirbhís níocháin rialta de dhíth orthu. Sainaithnítear gach láthair trí chomhairliúchán le Bainisteoirí Ceantair Áitiúil agus Oifigigh Réimse Phoiblí.

Déanfar athbhreithniú ar gach sceideal glantacháin le linn an Phlean Bainistíochta Bruscair. Áireofar leis sin athbhreithniú ar an Sceideal Glantacháin ar Líne maidir le líon na sráideanna atá le glanadh go laethúil agus sráideanna i gceantair chónaithe ar sceideal. Déanfar athbhreithniú ar na sceidil tráthnóna do lár na seachtaine agus ar na sceidil don deireadh seachtaine a chuirtear ar fáil ag an seal oibre Suburban 7 Over 7.

Fanfaidh an Sceideal Glantacháin ar Líne, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i bhfeidhm agus tabharfaidh sé eolas maidir le sceidil Ghlantacháin Sráide do gach áit laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Leanfaidh Bainistíocht Dramhaíola ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha (a chlúdóidh an limistéar riaracháin ar fad) ar chaighdeán an ghlantacháin sráide. Déanfaidh Cigirí Bainistíochta Dramhaíola na hiniúchtaí sin laistigh dá gceantar freagrachta. Cuirfidh torthaí na n-iniúchtaí sin sonraí tábhachtacha ar fáil chun an soláthar seirbhíse a fheabhsú.

DRAFT

**Príomhchuspóirí:**

**1.1 Acmhainní Láidre Daonna agus Trealaimh chun Cur le Glaineacht**

1.1.1 Líon na mBall Foirne
1.1.2 Feabhsúcháin ar an bhFlít
1.1.3 Athbhreithniú ar Bhonneagar Athchúrsála
1.1.4 Foirne Níocháin
1.1.5 Feabhsúcháin ar an Iosta

**1.2 Modhanna Éifeachtacha agus Nuálacha**

1.2.1 Dlúthóirí Gréine
1.2.2 Obair a Dhigitiú
1.2.3 Sceidil Ghlantacháin
1.2.4 Líon na mBoscaí Bruscair agus Beartas ina Leith

## *3.2 Feasacht agus Cosc ar Bhruscar*

Tá sé cruthaithe cheana féin go n-éiríonn go maith le rannpháirtíocht ón bpobal agus ó ghnólachtaí na Cathrach, agus meastar go bhfuil gá le tacaíocht ón bpobal chun an Chathair a choinneáil saor ó bhruscar. Leanfaidh an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag cur rannpháirtíochta chun cinn sna réimsí sin agus ag obair i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara go léir chun dea-chleachtas timpeallachta a chur chun cinn agus a spreagadh ag an leibhéal áitiúil, agus tacaíocht a thabhairt dó. 5 maor sa bhreis earcaithe agus i bhfeidhm roimh dheireadh 2025.

**2.1 Tacaíocht chun Grúpaí Pobail a Aithint agus Plé a Dhéanamh Leo**

2.1.1 Glantachán Fhoireann Bhaile Átha Cliath
2.1.2 Duaiseanna Comharsanachtaí na Cathrach
2.1.3 Gradaim Mhórtas Cine is Ceantair
2.1.4 Tacaíocht Glantacháin Phobail

**2.2 Scéimeanna Feasachta, Oideachais agus Frithbhruscair a chruthú ar fud na cathrach**

2.2.1 Feachtais feasachta
2.2.2 Tionscadal Ais-chláir
2.2.3 Cláir Scoile
2.2.4 Deontais Feasachta Frithghraifítí-Frithbhruscair

## *3.3 Forfheidhmiú agus Athrú Rialacháin*

Bíonn freagracht reachtúil ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, fodhlíthe agus rialacháin ábhartha eile a fhorfheidhmiú. Cé go bhfuil sé tábhachtach acmhainní cuí agus oideachas a chur ar fáil do mhuintir na cathrach chun caitheamh bruscair a chosc, beidh daoine ann i gcónaí a thugann neamhaird go hoscailte ar an dlí. Bíonn gá le bearta forfheidhmithe ar nós fíneálacha, cúiseamh agus ciontú chun srian a chur le hiompair na ndaoine siúd a roghnaíonn an dlí a shárú.

Ligeann reachtaíocht nua CCTV in Éirinn, is é sin na leasuithe ar an Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, d'údaráis áitiúla úsáid a bhaint as CCTV chun dul i ngleic le caitheamh bruscair agus le dumpáil mhídhleathach. Tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht sin, a tugadh isteach ag an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022, cionta maidir le bainistíocht dramhaíola agus caitheamh bruscair a dhíspreagadh, a chosc, a bhrath agus a chúiseamh. Anois, is féidir le hÚdaráis Áitiúla scéimeanna CCTV a chur i bhfeidhm, faoi réir cóid cleachtais áirithe, chun monatóireacht a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil dumpáil mhídhleathach coitianta agus fianaise a bhailiú don fhorfheidhmiú.

Éilíonn an reachtaíocht go ritheann údaráis áitiúla scéimeanna CCTV i gcomhréir le Cóid Cleachtais cheadaithe chun comhlíontacht a chinntiú le rialacháin maidir le cosaint sonraí, RGCS ina measc.

**3.1 Cosc**

3.1.1 Grúpa Freagartha Oíche Shamhna
3.1.2 Tionscnaimh Frithdhumpála
3.1.3 Athbhreithniú agus Athruithe ar an Maolú

**3.2 Feiceálacht agus Gníomhartha**

3.2.1 Úsáid CCTV
3.2.2 Comhlíontacht le Fodhlíthe, Cur i Láthair agus Rialú
3.2.3 Comharthaíocht agus feasacht, Fuaim, Stionsail agus comharthaíocht
3.2.4 Foirne agus Patróil

DRÉACHT

# 4 Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm an Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028

## *4.1 Plean Cur Chun Feidhme*

Déanfar monatóireacht ar an mbealach a mbeidh spriocanna éagsúla den phlean á gcur i bhfeidhm trí shraith gníomhartha inbhraite agus spriocanna réadúla mar a leagtar amach thíos.

### *Feabhsúcháin Oibríochta agus Acmhainní*

**Acmhainní Láidre Daonna agus Trealaimh, Príomhchuspóir Uimh. 1**

| Uimh. | Príomhchuspóir | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 1.1.1 | Líon na mBall Foirne | Fostaithe Faoi Láthair: 525, le méadú chuig 565 chun soláthar seirbhíse breise a chur ar fáil | Figiúirí iomlána méadaithe chuig spriocuimhir de 565 agus coinnithe ag an leibhéal sin |
| 1.1.2 | Feabhsúcháin ar an bhFlít | Flít na bhFeithiclí Leictreacha le bheith mar 35% den Fhlít iomlán chun an Treoir maidir le Feithiclí Glana a chomhlíonadh | Leibhéal 35% ar a laghad le baint amach |
| 1.1.3 | Athbhreithniú ar Bhonneagar Athchúrsála | 100% de na struchtúir atá ann faoi láthair le coinneáil agus, nuair is féidir, le méadú. | Líon na nIonad 'Fág Anseo' agus na mbanc buidéal le coinneáil ag an leibhéal reatha. |
| 1.1.4 | Foirne Breise Níocháin curtha ar bun chun níos mó seirbhísí níocháin sráide a chur ar fáil ar bhonn sceidealaithe | Criúnna Níocháin agus sceideal curtha i bhfeidhm sa chéad bhliain den phlean agus ag feidhmiú go han-éifeachtach | Sceideal leagtha síos agus coinnithe le linn an phlean ar fad |
| 1.1.5 | Feabhsúcháin ar an Iosta | Oibreacha curtha i gcrích ar Iostaí Lár na Cathrach. Iostas Bhóthar na Sláine athchóirithe, athoscailte agus ag feidhmiú go hiomlán. Dul chun cinn ar phleanáil ar S.C.O.D. Iosta Lár na Cathrach nua chun Teacht in Áit Iosta Pharáid Uí Rathaille má dhúnann sé | Athchóiriú curtha i gcrích ar na Iostaí Glantacháin ag Lána na hUillinne agus Paráid Uí Rathaille. Iosta Glantacháin Bhóthar na Sláine sa Cheantar Thiar-Thuaidh ag feidhmiú. Dul chun cinn le déanamh ar phleanáil don S.C.O.D. nua. Suíomh Lár na Cathrach nua aitheanta agus comhaontaithe |

**Modhanna Éifeachtacha agus Nuálacha Príomhchuspóir Uimh. 2**

| Uimh. | Príomhchuspóirí | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 1.2.1 | Araidí Dlúthóra Gréine | Cur le líon na n-araidí gréine atá suite ag suíomhanna cuí. 380 i bhfeidhm faoi láthair | Líon na nAraidí Dlúthóra Gréine in úsáid |
| 1.2.2 | Obair a dhigitiú agus Léirshamhlú | Teicneolaíocht Nua á húsáid chun soláthar seirbhíse níos réidhe agus níos éifeachtaí ó thaobh an chostais de a chur ar fáil. Forbairt agus úsáid na haipe a mhéadú i measc na mball foirne ar fad | Líon na nAipeanna Nua atá i bhfeidhm agus a úsáidtear go hiomlán.1 Aip bailíochtaithe oibre 2. Aip Níocháin Sráide.3 Aip Aicmithe Sráide. 4.Uasghrádú ar an Mol Saoránach le haiseolas uathoibríoch a thabhairt maidir le cásanna a thuairiscítear nuair a dhúntar iad. |
| 1.2.3 | Sceidil Ghlantacháin | Sceidil ghlantacháin níos minice, go háirithe i gceantair bhruachbhailteacha. | Sceideal scuabtha sráide laghdaithe go gach 8 seachtain i gceantair bhruachbhailteacha de Chatagóir C |
| 1.2.4 | Beartas um boscaí bruscair seachadta | Beartas i bhFeidhm | Le linn an Phlean Bainistíochta Bruscair ar fad |

## *Feasacht agus Cosc ar Bhruscar*

**Tacaíocht chun Grúpaí Pobail a Aithint agus Plé a Dhéanamh Leo, Príomhchuspóir 1**

| Uimh. | Príomhchuspóir | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 2.1.1 | Glantacháin Fhoireann Bhaile Átha Cliath, déanta gach bliain | Gach bliain pleanáilte agus curtha i gcrích de réir an sceidil | Líon na nGrúpaí Páirteacha agus na ndaoine páirteacha san imeacht gach bliain |
| 2.1.2 | Duaiseanna Comharsanachtaí na Cathrach | Pleanáilte agus curtha i gcrích gach bliain | Líon na ngrúpaí páirteacha sa chomórtas |
| 2.1.3 | Gradaim Mhórtas Cine is Ceantair | Pleanáilte agus curtha i gcrích gach bliain | Líon na ngrúpaí páirteacha sa chomórtas |
| 2.1.4 | Tacaíocht do Ghlantacháin Pobail | Cur le líon na mBailiúchán Pobail a thugann an Roinn tacaíocht dóibh. Tacaíocht tugtha do 4,316 ceann in 2024 | Méid tacaíochta a thugtar gach bliain le linn an phlean ar fad |

**Scéimeanna Feasachta, Oideachais agus Frithbhruscair a Chruthú, Príomhchuspóir 2**

| Uimh. | Príomhchuspóir | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 2.2.1 | Feachtas Feasachta | 1 Feachtas Náisiúnta laistigh de thréimhse an Phlean agus pleananna áitiúla Bliantúla le linn tréimhse an phlean | Líon na bhFeachtas Curtha i gCrích |
| 2.2.2 | Tionscadal Ais-chláir | Tionscadal i bhfeidhm agus curtha i gcrích le linn tréimhse an Phlean Bainistíochta Bruscair | Tionscadal i bhfeidhm agus á úsáid ag an tSeirbhís Maor Bruscair |
| 2.2.3 | Cláir Scoile | Tacaíocht leanúnach a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa | Líon na Scoileanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den chlár feasachta oideachais gach bliain |
| 2.2.4 | Úsáid na nDeontas Feasachta Frithbhruscair-Frithghraifítí | Ag obair le hOifigí Ceantair chun tacaíocht do scéimeanna Frithbhruscair-Frithghraifítí a spreagadh agus a mhéadú | Líon na scéimeanna faofa gach bliain le linn tréimhse an phlean. |

DRAFT

## *Forfheidhmiú agus Athrú Rialacháin*

**Cosc, Príomhchuspóir Uimh. 1**

| Uimh. | Príomhchuspóir | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 3.1.1 | Ceannasaíocht ar Ghrúpa Freagartha Oíche Shamhna | Grúpaí éagsúla roinne agus chéad fhreagróirí de chuid CCBÁC i bhfeidhm gach bliain chun ullmhú le haghaidh Oíche Shamhna. Tuairiscí Moil Saoránach maidir le hábhar tinte cnámh, curtha i bhfeidhm laistigh de 24 uair. | Níos mó tonnáiste d'ábhar tinte cnámh bainte roimh Oíche Shamhna gach bliain |
| 3.1.2 | Tionscnaimh Frithdhumpála | Líon na dtionscnamh frithdhumpála a mhéadú | Líon na dtionscnamh nua frithdhumpála le linn tréimhse an phlean |
| 3.1.3 | Maolú, Athbhreithniú agus Baint | 100% thar thréimhse an phlean. Beagnach 900 sráid a bhfuil maolú acu faoi láthair | Líon na Sráideanna ar Baineadh an Maolú Uathu |

**Feiceálacht agus Gníomhartha, Príomhchuspóir Uimh. 2**

| Uimh. | Príomhchuspóir | Sprioc | Tomhas |
|---|---|---|---|
| 3.2.1 | Úsáid CCTV | Láithreacha nua atá oiriúnach do CCTV Aitheanta agus faofa le linn tréimhse an phlean | Méadú ar líon na láithreacha atá oiriúnach do CCTV a aithníodh agus a faomhadh le linn tréimhse an phlean |
| 3.2.2 | Comhlíontacht le Fodhlíthe, Cur i Láthair agus Rialú | Bileoga Nua faoi Fhodhlíthe le cruthú agus le dáileadh amach i gceantair áirithe | Líon na gCeantar Achrannach ina ndáiltear bileoga amach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.2.3 | Scéimeanna Comharthaíochta agus Feasachta, Fuaime, Stionsail | Cur le líon na scéimeanna comharthaíochta, stionsail agus teachtaireachtaí fuaime | Líon na scéimeanna nua curtha i gcrích gach bliain le linn tréimhse an phlean |
| 3.2.4 | Méadú ar Leibhéil Foirne agus ar Phatróil Maor Bruscair | 5 Maor Nua a Chur le Líon na Maor Bruscair a bhíonn ar Dualgas in 2025 | Líon na Maor Bruscair atá fostaithe agus líon na bpatról spriocdhírithe gach bliain. |
| | | | |

### *4.2 Príomhtháscairí Feidhmíochta*

Chomh maith leis na gníomhartha agus staitisticí a bhaineann go sonrach leis an bPlean Bainistíochta Bruscair 2026 - 2028, baileofar agus cuirfear le chéile staitisticí ginearálta faoi bhainistíocht bruscair agus sonraí ón Mol Saoránach chun rath an phlean a thomhas. Áireofar leis na sonraí sin na Príomhtháscairí Feidhmíochta seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Líon na bpatról bruscair a dhéantar gach bliain
- Líon na ngníomhartha truaillithe bruscair / forfheidhmithe fodhlíthe a eisítear gach bliain
- Feidhmíocht i Measúnacht Forfheidhmithe Timpeallachta de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Na sonraí ábhartha ar fad maidir le bruscar agus dramhaíl ón Mol Saoránach do thréimhse an phlean
- Feidhmíocht i suirbhé bliantúil an Chórais Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú
- Torthaí an Chláir Aicmithe Sráide

### *4.3 Athbhreithniú agus Tuairisciú*

Déanfar athbhreithniú ar na gníomhartha a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme i gcomparáid leis na staitisticí agus leis na spriocanna don tréimhse. Ullmhófar tuairisc dul chun cinn ar bhonn bliantúil, le stádas agus torthaí le cur faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha

Gluais na dTéarmaí a Úsáidtear sa phlean:

1. ALEGS = Anti Litter Anti Graffiti Schemes/Grants (Scéimeanna/Deontais Frithbhruscair-Frithghraifítí)
2. LEO = Local Enterprise Office (DCC) / OFÁ = Oifig Fiontair Áitiúil (CCBÁC)
3. ERMWO = Eastern Region Midlands Waste Office (Oifig Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre)
4. NLPMS = National Litter Pollution Monitoring System (Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar), https://www.litter.ie/about/National_Litter_Pollution_Monitoring.shtml
5. ADI = Anti Dumping Initiative (Tionscnamh Frithdhumpála)

DRÉACHT